


**An Roinn Oideachais agus Scileanna**  
**Department of Education and Skills**

**Meastóireacht Scoile Uile**  
**Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

**TUAIRISC**

**Scoil Mhuire, Carna**  
**Co. na Gaillimhe**  
**Uimhir rolla: 18121L**

**Dáta cigireachta: 12 Feabhra 2014**



## **Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim Tuairisc**

### **Réamhrá**

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF) i Scoil Mhuire, Carna i mí Feabhra 2014. Tá an tuairisc seo bunaithe ar cheachtanna a breathnaíodh i raon de chomhthéacsanna foghlama sa scoil, ceistiú na ndaltaí agus breathnú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird bhainistíochta, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de cháipéisí scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Is scoil Ghaeltachta í seo, lonnaithe i gceantar a aithnítear a bheith faoi mhíbhuntáiste. Tá an scoil páirteach sa scéim DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh). Le blianta beaga anuas, tá méadú ar líon na ndaltaí a thagann ar scoil gan an Ghaeilge acu mar phríomh-theanga bhaile.

Tá 35 dalta ar an rolla faoi láthair. Mar chuid de Phlean Gnímh DEIS na scoile, leagtear béim ar chúrsaí tinrimh. Déanann an scoil iarracht a chinntiú go mbíonn gach dalta ar scoil, in am, gach lá. Ag éirí as na hiarrachtaí sin, tá tinreamh na ndaltaí go maith ar an iomlán.

Tá beirt oide príomh-shrutha, maraon le hoide tacaíochta foghlama amháin, sa scoil. Oibríonn oide acmhainne amháin sa scoil freisin.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tá an bord bainistíochta ag obair go dian ar son na scoile agus muintir na háite.
- Tá príomhoide díograiseach coinsiasach i gceannas ar an scoil.
- Tá obair inmholta á déanamh ag gach múinteoir i gnéithe éagsúla scoile.
- Tá obair an-mhaith déanta ag an scoil an Ghaeilge a chur chun cinn.
- Tá planáil na n-oidí ranga soiléir agus cuimsitheach.
- Tá gnóthachtáil na ndaltaí go maith i réimse leathan curaclaim.
- Tá bainistíocht agus iompar na ndaltaí an-mhaith.
- Tá obair an-thorthúil curtha i gcrích ag na hoidí i gcúrsaí féinmheastóireachta scoile

Déantar **na moltaí** seo a leanas:

- Moltar scríbhneoireacht sa Ghaeilge a chur chun cinn níos mó, mar chuid den fhorbairt iomlán don teanga ar fud na scoile.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an seirbhís tacaíochta foghlama agus acmhainne agus níos mó béime a leagan ar chomhordnú na seirbhíse chun freastail níos fearr ar riachtanais na ndaltaí le deacrachtaí foghlama agus riachtanais speisialta.
- Moltar cumann na dtuismitheoirí a bhunú sa scoil.

### **Tátail**

#### **1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí**

- Tá gnóthachtáil na ndaltaí san fhoghlaim ar an iomlán go maith. Sroicheann cuid mhaith de na daltaí caighdeán ard in achair éagsúla an churaclaim.
- Faoin am a fhágann siad an scoil, sroicheann na daltaí uile caighdeán ard i nGaeilge labhartha. Léann na daltaí go cumasach sa Ghaeilge agus sna hardranganna scoicéanna siad caighdeán ard sa léitheoireacht. Moltar níos mó béime a leagan ar scileanna scríbhneoireachta Ghaeilge na ndaltaí a fhorbairt, ach go háirithe scríbhneoireacht chruthaitheach as Gaeilge. Tá an tosaíocht seo aitheanta ag an scoil mar chuid den phlean forbartha
- Tá gnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla go maith agus faigheann siad oideachas oiriúnach i gcúrsaí litearthachta ó rang na naíonán ar aghaidh. Tá cleachtaí scríbhneoireachta na ndaltaí i mBéarla i seánraí éagsúla le sonrú sna cóipleabhair agus ar taispeáint sna seomraí ranga. Tá cuid mhór den obair seo go maith.

- Tugtar aird don Mhatamaitic agus léiríonn torthaí caighdeánacha na Matamaitice go bhfuil ard-chaighdeán bainte amach ag tromlach na ndaltaí ar phróisis agus ar choincheapa matamaiticiúla. Baineann na daltaí úsáid as raon de scileanna chun fadhbanna a réiteach.
- Tá an obair a dhéantar san Oideachas Shóisialta, Imshaoil agus Ealaíon, mar shampla sa Stair, an-mhaith.
- Tá éagsúlacht inmholta le sonrú san obair Amharcealaíona a dhéantar. Sroicheann na daltaí ar fud na scoile caighdeán maith sa Cheol, idir chantaireacht agus sheinm uirlisí.

## 2. Cáilíocht an teagaisc

- Tá cáilíocht an teagaisc sa scoil go maith ar an iomlán. Tá gach múinteoir ag obair go dícheallach.
- Sa scoil Ghaeltachta seo, déanann na múinteoirí uile iarracht an-mhaith an Ghaeilge a chur chun cinn i gcúrsaí scoile. Cothaíonn na múinteoirí dearcadh dearfach don teanga agus tá sé seo le sonrú i ngach achair den churaclaim.
- Leagann na múinteoirí béim chuí ar scileanna labhartha na ndaltaí sa Ghaeilge a fhorbairt. Tá na daltaí líofa sa teanga agus iad ag dul ar aghaidh don iarbhunscóil, fiú amháin iad siúd a tháinig ar scoil gan Ghaeilge ón bhaile. Tá aird tugtha don léitheoireacht agus éiríonn leis na múinteoirí spéis na ndaltaí sa léitheoireacht a mhúscailt. Chun cruinneas léitheoireachta ón aos óg a fhorbairt a thuilleadh, moltar clár níos soiléire a chur i bhfeidhm chun fuaimeanna agus foghraíocht na teanga a mhúineadh níos éifeachtaí fós.
- Tá cáilíocht an teagaisc sa Bhéarla go maith ar an iomlán. Baineann na hoidí úsáid as modhanna múinte éagsúla chun Béarla labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt. Baineann siad úsáid as straitéisí éagsúla chun léitheoireacht Bhéarla a mhúineadh i mbealach spreagúil éifeachtach. Tá peannaireacht agus cur i láthair na hoibre le moladh agus déanann gach múinteoir monatóireacht rialta ar shaothar scríofa na ndaltaí.
- Sa Mhatamaitic, tá raon de mhodhanna múinte éifeachtacha in úsáid. Moltar ábhar nithiúil a úsáid níos minice, áfach, chun an próisis teagaisc agus foghlama a fheabhsú. Mar chuid de seo, moltar taispeántais mhatamaiticiúla agus trealamh a chur ar taispeánt, agus láthair mhatamaiticiúla sna seomraí ranga a bhunú agus a fhorbairt. D'fhéadfaí loirg mhatamaiticiúla sa timpeallacht a chruthú ar shnáitheanna an churaclaim.

## 3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Tá cáilíocht an chúraim agus na tacaíochta a thugtar do dhaltaí go maith ar an iomlán. Tá bainistíocht na ndaltaí sa scoil an-mhaith. Baineann na daltaí uile taitneamh as a gcuid scolaíochta. Sna ceistneoirí do dhaltaí, sonraítear go bhfuil dearcadh an-dearfach ag na daltaí don scoil agus don oideachas a chuirtear ar fáil dóibh.
- Tá gaol maith idir dhalta agus oide le sonrú sna comhthéacsanna oideachais speisialta agus tá cuid de na scileanna teagaisc atá in úsáid sna suímh seo éifeachtach. Tá gnéithe le forbairt sa tseirbhís seo, áfach.. B'fhiú athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gcineál tacaíochta a chuirtear ar fáil, chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht atá bunaithe go cruinn ar riachtanais na ndaltaí. Mar chuid de seo, ba ghá tástáil diagnóiseach a úsáid níos mó agus ba ghá cloí go mion le moltaí sna tuairiscí a cuireadh ar fáil ar na riachtanais oideachais speisialta atá ag daltaí aonair. Moltar freisin níos mó tacaíochta a thabhairt taobh istigh de na seomraí ranga, ach go háirithe sna ranganna sóisearacha, le tuilleadh béime ar luath-idirghabháil.
- Léiríonn ceistneoirí na dtuismitheoirí go bhfuil ard-mheas orthu ar an scoil seo. Tá dea-chumarsáid idir na tuismitheoirí agus an scoil. Moltar, áfach, cumann na dtuismitheoirí a bhunú chun fóram a chur ar fáil le tuairimí na dtuismitheoirí a chur san áireamh i gcúrsaí scoile.
- Thug údarais na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscóile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscóile*.

## 4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Oibríonn an bord bainistíochta go coinsiasach ar son na scoile agus tugann an bord tacaíocht éifeachtach do na múinteoirí. Feidhmíonn an bord mar ba chóir. Moltar don bhord, áfach, cuntais na scoile a chur faoi bhráid chuntaseora go bliaintiúil as seo amach.
- Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta sa scoil go maith. Tá an príomhoide díograiseach i mbun oibre agus déanann sí a dícheall an scoil a chur chun cinn i ngach slí. Tá fíis aici don scoil go bhfaigheadh gach dalta oideachas leathan i suíomh spreagúil le béim chuí curtha ar oideachas trí Ghaeilge.
- Tá comhoibriú an-éifeachtach le sonrú idir an príomhoide agus an phríomhoide tánaisteach.
- Tá go leor acmhainní ar fáil sa scoil. Tá raon leathan de leabhair ar fáil sna seomraí uile. Baintear úsáid éifeachtach as an gclárban idirghníomhach sna bunranganna, ach go háirithe.

#### **5. Féinmheastóireacht Scoile**

- Tá obair fhiúntach tosnaíthe ag an scoil ar chúrsaí fhéinmheastóireachta. Mar scoil DEIS, tá plean gnímh DEIS á chur i bhfeidhm ag an scoil leis na blianta beaga anuas. Tá na spriocanna atá aitheanta sa tuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus sa phlean gnímh DEIS oiriúnach. Mar chuid den phlean ghnímh, tá sé beartaithe ag an bhfoireann teagasc caighdeán an obair scríofa sa Ghaeilge a fheabhsú.
- Déanann an scoil meastóireacht rialta ar an bhfoghlaim agus an teagasc sa Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic, le scrúdaithe caighdeánaithe agus teisteanna eile. Déantar anailís éifeachtach ar na torthaí seo.

#### **Críoch**

Tá acmhainn na scoile maidir le cur i bhfeidhm na bhfeabhsúchán go maith.